


# AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA



Earcú Stiúrthóir Gnóthaí Dlí  
Leabhrán Eolais larrthóra

Mí na Nollag 2020



# **CLÁR NA NÁBHAR**

|                                 |    |
|---------------------------------|----|
| An Post .....                   | 3  |
| Coinníollacha Seirbhíse.....    | 10 |
| Conas larratas a Dhéanamh ..... | 13 |
| Aguisín 1 .....                 | 14 |
| Aguisín 2.....                  | 15 |

# AN POST

|                                     |   |
|-------------------------------------|---|
| Ról:                                | Stiúrthóir Gnóthaí Dlí  |
| Ag tuairisciú do:                   | An Coimisinéir  |
| Seoladh oifige:                     | 3ú hurlár, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 (ag obair ó chian faoi láthair mar gheall ar COVID-19) |
| Post:                               | Buan, Lánaimseartha   |
| Láithreán Gréasáin na hEagraíochta: | <a href="https://www.aviationreg.ie/">https://www.aviationreg.ie/</a>   |

## AN EAGRAÍOCHT

Is comhlacht poiblí neamhspleách faoi choimirce na Roinne lompair é an Coimisiún um Rialál Eitlíochta (an Coimisiún). Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin ná earnáil eitlíochta bhriomhar a chur chun cinn agus leas na bpaisinéirí aeir a chosaint trí dhíriú ar chúig sprioc straitéiseacha a sheachadadh:

- Seirbhísí aerfoirt atá éifeachtach, ar ardchaighdeán agus comhfhiúchán agus faoi shábháilteacht
- Aerlínte bunaithe in Éirinn agus láimhseálaithe ar an talamh ag na trí aerfort stáit atá sábhalte agus láidir ó thaobh airgeadais de
- Gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas de chuid na hÉireann atá láidir ó thaobh airgeadais de
- Creat láidir chun cearta paisinéirí i ngach aerfort Éireannach a chur i bhfeidhm
- Creat rialála a léiríonn an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr

Anuas ar a bhfuil thus, cheap an Roinn lompair an Coimisiún mar Údarás Náisiúnta Maoirseachta ar an Rialachán um Aerspás Eorpach Aonair le freagracht as rialál eacnamaíochta ar an Soláthraí um Sheirbhísí Aeroingseoirreachta (ANSP), an IAA.

Mar chuid de thionscnamh leanúnach an Rialais maidir le rialachán eitlíochta a leasú, déanfar athordú ar réimeas rialacháin eitlíochta Stát na hÉireann tríd an gCoimisiún a thabhairt isteach in Údarás Eitlíochta na hÉireann chun rialtóir aonair, aontaithe eitlíochta a chruthú. Beidh an IAA mar rialtóir eitlíochta aonair an Stáit agus beidh sé freagrach as sábhalteacht, slándáil, gnóthaí tomholtóra agus rialál eacnamaíochta na heitlíochta sibhialta sa Stát.

## SAINCHUNTAS POIST

Tugann an Stiúrthóir Gnóthaí Dlí tuairisc don Choimisiúir agus tá sé/sí ina b(h)all den fhoireann sinsir. Beidh an té seo mar Ardabhcoide agus dlíodóir inmheánach an Choimisiúin le freagracht as seirbhísí dlí a chur ar fáil don Choimisiún ó lá go lá maidir lena chuid feidhmeanna uile agus mar a dhéanann sé a chuid gníomhaíochtaí mar chomhlacht Stáit neamhspleách, chomh maith le túis a chur le himeachtaí coiriúla nó sibhialta agus le dlíthíocht a chosaint, mar is gá. Ina theannta sin, beidh an té a cheapfar sa ról freagrach as bainistíocht líne ar na feidhmeanna seo a leanas den Choimisiún: ceadúnú aeriompróra, ceadú láimhseálaí talún agus cearta phaisinéirí aeir.

Mar bhall den fhoireann sinsir, beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis ná léi ag cuidiú le straitéis agus rialachas corporáide na heagraíochta a forbairt agus a chur i bhfeidhm.

Léiríonn na dualgais agus na freagrachtaí atá sonraithe thíos an ról mar atá sé faoi láthair laistigh den Choimisiún. Cé nach mbeidh aon tionchar ar théarmaí ná ar choinníollacha an chonartha, d'fhéadfadh athrú teacht ar raon an ról nuair a dhéanfar an Coimisiún a chumasc in Údarás nua Eitlíochta na hÉireann. Tabharfaidh sé seo deis iontach don iarrthóir rathúil chun tionchar a bheith aige/aici ar rialtóir eitlíochta nua-aimseartha Éireannach a bhunú a mbeidh freagracht aige tar réimse iomlán ceisteanna rialála a bhaineann le tionscal agus le tomholtóirí.

## PRÍOMHDHUALGAIS AGUS PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Seo achoimre ar phríomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí an róil:

- Mar chuid den fhoireann sinsir, cabhrú le straitéis agus rialachas corparáide na heagraíochta agus cabhair a chur ar fáil sa chás go dteipfeadh ar an ngnó taistil nó aon imeacht mór eile nach mbeadh suíl leis.
- Ionchur a dhéanamh i bhforbairt beartas agus nósannaimeachta an Choimisiún ar fud na heagraíochta.
- Comhairle agus tacáiocht dlí a thabhairt don Choimisiún i ngach gné dá chuid oibre.
- Tacú le hobair na fairne cearta paisinéirí aeir, na fairne láimhseála talún agus na fairne ceadúnaithe aeriompróra, agus an obair sin a bhainistiú.
- Próiseas Saorála Faisnéise an Choimisiún a choinneáil ar siúl agus a bhainistiú.
- Gachimeacht a chuireann an Coimisiún tús léi nó a ghlactar in aghaidh an Choimisiún (forfheidhmiú agus treoracha san áireamh) a bhainistiú.
- Tacú le ranna uile an Choimisiún chun próisis agus nósannaimeachta rialachán deachleachtais a chinntiú.
- Comhairle a ullmhú don Roinn, de réir mar a éilítear é.
- Ionchur a dhéanamh sa phróiseas leasaithe rialacháin agus glacadh le gach freaghracht athraithe mar a éilítear tar éis den IAA nua a bheith bunaithe.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus a bheith gníomhach le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialachán Aerfort Bhaile Átha Cliath agus le feidhmeanna eile an Choimisiún.
- Coinneáil cothrom le dáta agus eolas a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ar bhealach tráthúil.

## Scil, Inniúlachtaí agus Cáilíochtaí


Go hidéalach, beidh an méid seo a leanas ag an iarrthóir rathúil;

- Cáilíochtaí oideachais cuí.
- Dlíodóir atá cáilithe go hiomlán ag a bhfuil taithí ábhartha sa dlí riarcháin, dlí an AE, dlí iomaíochta agus dlíthíochta.
- Cinnteoir each agus scileanna breithiúnais den scoth ar leibhéal sinsir san eagraíocht.
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth.
- Eolas ar cheisteanna teicniúla, dlí, eacnamaíochta agus ceisteanna, treochtaí agus forbairtí eile a bhaineann le paisinéirí laistigh d'earnáil eitlíochta na hÉireann agus idirnáisiúnta a bhaineann leis an rannóg, le rialachán rathúil eacnamaíochta ar an earnáil eitlíochta in Éirinn, agus níos ginearálta laistigh den eagraíocht.
- Scileanna cinnteoir eachta, coincheapúla agus anailíseacha atá forbartha go maith, agus an cumas chun ceisteanna tábhachtacha a aithint agus dearcadh a ghlacadh a sheasfaidh aon scrúdú seachtrach.
- Scileanna bainistíocha den scoth ar a n-áirítear bainistíocht acmhainne chun spriocanna eagraíochtaí a bhaint amach.
- Cumas láidir bainistíocha agus eagraíochtaí ar leibhéal sinsir agus cruthúnas ar fheidhmíocht ina s(h)lí bheatha go dtí seo.
- Cumas léirithe go bhfuil sé/sí in ann cuidiú gníomhach agus straitéiseach a thabhairt mar bhall den fhoireann sinsir do cheannaireacht fhóriomlán agus d'fhorbairt an Choimisiún.
- Cumas cruthaithe le caidreamh éifeachtach oibre a thógáil agus a choinneáil thar réimse páirtithe leasmhara ar a n-áirítear an tionscal, ionadaithe tomholtóirí, institiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta, an Rialtas, an tOireachtas agus an córas polaitiúil i gcoitinne.

- Cumas le hionadaíocht inchreidte a dhéanamh don Choimisiún i ngach foirm chuí, náisiúnta agus idirnáisiúnta, na meáin san áireamh.
- An cumas a bheith ag obair ar do thionscnamh féin gan mórán maoirseachta, dea-bhreithiúnas agus treallús.
- Feasacht agus cumas le tiomantas do luachanna seirbhíse poiblí a léiriú.
- Cumas le freagairt ar bhealach solúbtha agus táirgiúil ar riachtanais a bheadh ag athrú laistigh den chomhthéacs atá ann, is é sin an Coimisiún a chumasc le hÚdarás Eitlíochta nua na hÉireann, agus glacadh le ról ceannaireachta le rath an chumaisc agus an Údaráis nua a chinntiú.

## Na príomhinniúlachtaí a theastaíonn le haghaidh feidhmíocht éifeachtach

Léiríonn an tsamhail inniúlachta mar a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an timpeallacht ina n-oibríonn daoine ar an leibhéal seo, timpeallacht atá ag athrú agus ag éirí níos casta. Tacaíonn an liosta de na príomhtháscairí feidhmíochta thíos le gach ceann de na príomhinniúlachtaí sa tsamhail.



**Léaráid 1. (thuas): Príomhinniúlachtaí don phost**

## Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

### Léiríonn sé Luachanna Seirbhíse Poiblí:

- Freastal ar leas an phobail ar aon dul le Misean, Fís agus Luachanna an Choimisiúin
- Duine ionraic an t-am ar fad
- Caitheamh go hómósach le daoine eile
- Freagrach as a c(h)uid gníomhartha
- Ag oibriú go gairmiúil agus go macánta

### Smaointeoireacht Straitéiseach:

- Fís a chruthú don eagraíocht agus don earnáil agus a bheith ag tnúth leis na riachtanais chun é a sholáthar
- Anailís a dhéanamh ar cheisteanna casta go sciobtha agus a bheith ag tnúth le tortaí iarmhartacha

- Cur chuige ar fud an chórais a ghlacadh agus naisc, rioscaí agus féidearthacht le haghaidh nuálaíochta sa timpeallacht i gcoitinne a fheiceáil
- Treoir a thabhairt maidir le cleachtais measúnaithe riosca a chur i bhfeidhm agus a bheith páirteach i nglacadh riosca cothromaithe
- Misneach a léiriú ó thaobh cinntí crua a dhéanamh

#### **Ceannaireacht a Thabhairt do Dhaoine:**

- A bheith ina c(h)eannaire feiceálach agus fuinniúil a mheallann daoine eile
- Foirne ilréimsiúla agus idir-eagrúcháin a thógáil agus tacú leo
- Freagrácht a tharmligeán agus cuntasacht i measc daoine eile a chinntiú
- Spriocanna dúshlánacha a shocrú agus bainistíocht feidhmíochta éifeachtach a chur i bhfeidhm
- Oiliúint a chur ar dhaoine eile agus tacú leo chun barr feabhas a chur ar a gcúnamh agus ar a bhforbairt

#### **Comhoibriú agus Cumarsáid a Dhéanamh go Diongbháilte:**

- Páirt iomlán agus ghníomhach a ghlacadh ar an bhfoireann ardbhainistíocha le cruth agus ceannaireacht a thabhairt don eagraíocht
- Cumarsáid a dhéanamh go gairmiúil agus go hinchreidte, agus ionchais daoine eile a bhainistiú
- Idirbheartaíocht a dhéanamh le scil agus tionchar a imirt go diongbháilte
- A bheith ag tnúth le ceisteanna agus castachtaí maidir le páirtithe leasmhara agus freagra a thabhairt ar bhealach eolasach agus cuiditheadh
- Caidreamh oibre éifeachtach a thógáil agus a choinneáil le príomhpháirtithe leasmhara
- Éascaíocht a dhéanamh ar chomhoibriú, ar chomhpháirtithe agus ar líonraí go hinmheánach agus go seachtrach chun comhspriocanna a bhaint amach

#### **Ardfheidhmíocht agus Tortháí a Sheachadadh:**

- Freagrácht a ghlacadh as do ghníomhartha agus do chinntí féin
- A chinntiú go mbaintear úsáid as an réimse iomlán disciplíní bainistíocha chun tortháí ar ardchaighdeán a sholáthar ar luas agus laistigh de bhuiséad
- Dúshlán a thabhairt do phróisis chun feabhas a chur ar chumas eagraíochtúil, ar fhreagrúlacht agus ar fhócas ar leas an phobail
- Feidhmíocht rathúil a chinntiú trí réimse modhanna seachadta, ar a n-áirítear pártithe seachtracha a úsáid
- Iarracht a dhíriú ar thascanna tosaíochta chun barr feabhas a chur ar thortháí
- Lúb aiseolais láidir idir forbairt agus feidhmíocht beartais rialacháin a chinntiú

#### **Tiomantas agus Teacht Aniar:**

- Feidhmiú as do stuaim féin agus leibhéal arda treallúis agus fuinnimh phearsanta a chothú
- Ceannaireacht a ghlacadh maidir le hiliomad tosaíochtaí casta agus iad a bhainistiú go héifeachtach
- An rud atá ar d'intinn a rá le muinín agus go diongbháilte
- A bheith stuama faoi rud agus straitéisí tacaíochta pearsanta a úsáid chun cabhrú le fócas a choinneáil agus teacht chugat féin ó dhíomá
- A bheith dearfach agus gairmiúil agus thú ag déileáil le cúrsaí deacra

#### **Saineolas agus Féinfhorbairt:**

- Eolas iontaofa a choinneáil ar cheisteanna eagraíochtúla, earnála, beartais, teicneolaíochta agus idirnáisiúnta agus impleachtaí níos leithne a bheadh acu ar thomhaltóirí agus ar leas níos leithne an phobail
- Saineolas i réimsí ábhartha a nuashonrú go leanúnach agus a léiriú
- A bheith féineolach agus deiseanna a lorg chun gníomhú i réimsí le forbairt a dhéanamh ort féin
- Aiseolas a lorg agus athbhreithniú a dhéanamh ar do chleachtas agus iompar féin
- Meastar gur saineolaí thú i do réimse/réimsí speisialtóireachta féin

# AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

D'fhéadfadh seo a bheith san áireamh leis an bPróiseas Roghnúcháin:

- iarrthóirí a chur ar ghearriosta ar bhonn an eolais atá le fáil ina n-iarratas;
- réamhgaladh iomaíoch;
- tástáil shícméadrach;
- sampla oibre/rólghlacadh/cleachtadh meáin, agus aon tástáil nó cleachtadh eile a cheaptar a bheith ábhartha;
- an dara hagaladh iomaíoch a bhféadfadh cur i láthair a bheith mar chuid de.

## Gearriostú

Go hiondúil faightear níos mó iarratas i gcomhair poist ná mar a theastaíonn chun an post a líonadh. Cé go bhféadfadh an t-iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a bhaint amach, dá mba rud é go mbeadh an oiread sin iarrthóirí ann nach mbeadh sé praiticiúil gach duine a chur faoi agallamh, is féidir linn a shocrú go dtabharfar cuireadh do líon níos lú chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. I dtaca leis seo, déanaimid socrú go n-úsáidfear próiseas gearriostaithe chun grúpa a roghnú, bunaithe ar scrúdú ar fhoirmeacha iarratais, a bhfuil an chuma orthu gurb iad is oriúnaí don phost.

Ní hé sin le rá go gceapaimid nach bhfuil iarrthóirí eile oriúnach nó in ann an post a líonadh, ach go mbreathnaíonn sé go bhfuil cáilíocht níos fearr ag roinnt iarrthóirí agus/nó go bhfuil taithí ábhartha níos fearr acu, bunaithe ar a n-iarratas.

Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na cáipéisí iarratais i leith critéir gearriostaithe chomhaontaithe bunaithe ar riachtanais an phoist. D'fhéadfadh go mbeadh na critéir riachtanacha agus na critéir inmhianaithe araon atá sonraithe don phost san áireamh ar na critéir gearriostaithe. Is chun do leasa féin é mar sin cuntas mionsonraithe agus cruinn a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí i d'iarratas.

## Agallamh

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá gearriostaithe freastal ar agallamh, agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh: agallamh bunaithe ar inniúlacht, cur i láthair ar ábhar a bhainéann leis an ról agus/nó modhanna measúnaithe den chineál sin a cheaptar a bheith cuí. Coimeádann an Coimisiún an ceart aige cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí chuig agallamh dara babhta agus chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh orthu, ar a n-áirítear measúnú sícméadrach a úsáid má tá gá leis.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh go mbainfí úsáid as físchomhdháil nó cianteicneolaíocht eile mar is cuí chun agallaimh a dhéanamh.

## Teistiméireachtáí

Bheadh sé úsáideach smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh oriúnach mar mholtóirí a mbeimís in ann teagmháil a dhéanamh leo (3 ainm agus sonrái teagmhála). Níor chall go mbeadh d'fhostóir reatha i measc na moltóirí ach ba chóir go mbeadh sé/sí in ann teistiméireacht a chur ar fáil duit. Ba chóir go mbeadh moltóirí in ann eolas le déanaí ar do chuid feidhmíochta agus iompair sa chomhthéacs oibre a chur ar fáil.

B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheadh in ann eolas mar sin ó dhearchtháí difriúla nó i gcomhthéacsanna difriúla oibre a chur ar fáil. Tig leat a bheith cinnte nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin má dhéantar tú a mheas tar éis na chéad chéime den agallamh. Tabhair faoi deara le do thoil, má bhíonn rath ort ag an agallamh deiridh, beidh gá againn le teistiméireacht ó d'fhostóir reatha sula ndéanfaimid tú a mholadh don phost.

B'fhéidir go mbeadh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo roinnt próiseas ceada amhail Dearbhú maidir le Carachтар agus Sláinte agus aon tseiceáil chuí eile a bhfuil gá leo don ról ar leith a chomhlánú.

Más é do bharúil go mbeadh aon tairbhe duit as plé faoi rún a bheith agat faoi aon ghné den deis shuntasach seo, déan teagmháil le do thoil le Foireann Earcaíochta Feidhmiúcháin Mazars ag +353 (1) 449 4400 nó [execrecruit@mazars.ie](mailto:execrecruit@mazars.ie).

## Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon chostais a thabhbóidh iarrthóirí a íoc ar ais.

Ní féidir glacadh leis, má ghlactar isteach i gcomórtas le duine, nó má fhaigheann an té sin cuireadh le freastal ar agallamh, nó má fhaigheann sé/sí litir le toradh rathúil, go bhfuil an Coimisiún sásta go gcomhlíonann an té sin na riachtanais nó nach gcuireann an dlí bac air/uirthi a bheith sa phost sin.

Sula molann an Coimisiún aon iarrthóir lena c(h)eapadh don phost seo déanfaidh sé aon fhiosrúchán a cheaptar a bhfuil gá leis le hoiriúnacht an iarrthóra sin a dheimhniú. Ní féidir an cinneadh deiridh a dhéanamh nó go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán agus ní féidir a mheas ná a thabhairt le tuiscint go bhfuil an cinneadh sin déanta. Má dhiúltáíonn an té atá molta don phost, nó má tá glactha aige/aici leis ach go dtugann sé/sí suas é, is féidir leis an gCoimisiún, de réir mar a shocraíonn sé, an t-iarrthóir a tháinig sa dara háit a roghnú don phost bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

Tábhacht na Rúndachta - Faoi réir phorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2013, déileálfar faoi rún daingean le hiarratais.

Meastar go mbíonn iarrthóireacht tarraingthe siar mura bhfreastalaíonn iarrthóirí ar agallamh san áit nó ag an am a n-iarrtar é, nó, nach gcuireann siad an fhianaise sin ar fáil a bhfuil gá ag an gCoimisiún léi maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, nuair a iarrtar sin, agus dá réir sin ní féidir leo a bheith ag súil go measfar iad a thuilleadh.

Eolas ginearálta - Déanfaidh an Coimisiún iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir phorálacha na gcód cleachtais atá foilsithe ag an CPSA. Is féidir le hiarrthóirí athbhreithniú a lorg ó dhuine sa bhforas earcaíochta (athbhreithneoir tosaigh). Mura mbeidh iarrthóir sásta fós tar éis an chéad athbhreithnithe seo, b'fhéidir gur mhaith leo go ndéanfadh "eadránaí cinnidh" scrúdú ar riadarh an agallaimh tosaigh.

Mar mhalaireart ar a bhfuil thuas, is féidir le hiarrthóir an t-ábhar a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil, mar atá leagtha amach thíos. Má tá iarrthóir fós míshásta tar éis aon phlé den chineál sin, is féidir leis/léi athbhreithniú foirmiúil a lorg.

Tá na Coid Chleachtais ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie).

## Próiseas neamhfhoirmiúil

Is féidir le hiarrthóir leas a bhaint as an Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil laistigh de 5 lá oibre ó cuireadh an cinneadh tosaigh in iúl agus go hiondúil bheadh an t-athbhreithniú idir an t-iarrthóir agus an té a chur an cinneadh in iúl (nó an duine a mbaineann sin leis/léi).

- Nuair a bhaineann an cinneadh a chuirtear in iúl leis an gcéim eatramhach den phróiseas roghnúcháin, bheadh gá ann an t-iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón dáta a fuarthas an cinneadh.
- Má bhíonn an t-iarrthóir fós míshásta tar éis aon phlé neamhfhoirmiúil den chineál sin, is féidir leo úsáid a bhaint as na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos.

Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfáí leis an ábhar trí athbhreithniú foirmiúil, ba chóir dó/di sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ó cuireadh iad ar an eolas faoi thoradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

## Próiseas foirmiúil

### Athbhreithniú tosaigh

- Ba chóir do na hiarrthóirí a n-ábhair imní maidir leis an bpróiseas a chur in iúl trí scríobh chuir Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide an Choimisiúin, agus na gnéithe sin den ghníomh nó den chinneadh a bhaineann lena n-iarrthóireacht agus ar mhian leo go ndéanfaí athbhreithniú orthu a leagan amach.
- Ní mór iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó cuireadh ar an eolas iad faoin gcinneadh tosaigh. Má bhaineann an cinneadh le céim eatramhach den phróiseas roghnúcháin, ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil laistigh de 4 lá oibre.

- Ní féidir aon síneadh a chur leis na teorainneacha ama sin ach amháin i gcásanna fíoreisceachtúla agus faoi lánrogha an Choimisiúin amháin
- Ba chóir an toradh a chur in iúl don iarrthóir go hiondúil laistigh de 20 lá oibre ó fuarthas an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú. Gheobhaidh an t-iarrthóir toradh an athbhreithnithe i dtuairisc scríofa.
- Má bhíonn an t-iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe tosaigh, b'fhéidir go n-iarrfaidís go ndéanfadh eadránaí cinnidh athbhreithniú ar riadaradh an athbhreithnithe tosaigh.

### **Athbhreithniú ag an eadránaí cinnidh**

Ceapann an Coimisiún an t-eadránaí cinnidh. Níl aon bhaint ag an eadránaí cinnidh leis an bpróiseas roghnúcháin agus tabharfaidh sé/sí breith ar iarratais ar athbhreithniú i gcásanna nach bhfuil an t-iarrthóir sásta le toradh an athbhreithnithe tosaigh. Is é cinneadh an eadránaí cinnidh i leith ábhair mar sin an cinneadh deiridh.

- Ní mór iarratas a chuirtear chuig an eadránaí cinnidh a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó fuarthas eolas ar thoradh an athbhreithnithe tosaigh.
- Ní mór toradh an phiosraithe a chur in iúl don iarrthóir i bhfoirm tuairisc scríofa laistigh de 10 lá oibre.

### **Dualgais an iarrthóra**

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go ndícháileofar iad má bhíonn siad ag stocaireacht agus go ngearrfar amach as an bpróiseas iad.

Ní foláir d'iarrthóirí gan:

- eolas bréagach a chur ar fáil d'aon ghnó nó gan smaoineamh
- stocaireacht a dhéanamh ar aon duine le breab nó gan é
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as don phróiseas ar aon bhealach

Ina theannta sin, nuair atá nó nuair a bhí duine a ciontaíodh as coir mar iarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- mura bhfuil siad ceaptha i bpost, beidh siad dícháilithe mar iarrthóir agus

má ceapadh iad tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, caillfidh siad a gceapachán.

### **Na hAchtanna um Chosaint Sonrai 1988 & 2003**

I gcomhréir le RGCS (GDPR) agus leis an Acht um Chosaint Sonrai 2018, faigh nasc faoi iamh le do thoil lenár bhFógra Beartais, a shonraíonn conas agus céan fáth a ndéanaimid do shonrai pearsanta a phróiseáil maidir leis an bpróiseas Earcaíochta: <https://www.aviationreg.ie/about-the-commission-for-aviation-regulation/current-vacancies.526.html>.

# COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

## TIONACHT

Tá an post buan agus faoi réir tréimhse phromhaidh 6 mhí ón dáta ar tosaíodh é i ndáiríre agus tá sé faoi réir feidhmíocht shásúil a dhéanamh le linn na tréimhse sin.

## SOCRUITHE TUARASTAIL AGUS ÍOCAÍOCHTA

Tosóidh an tuarastal ag €142,421 agus beidh sé ag ardú, in incrimintí bliantúla go €162,920, bunaithe ar scála an Rúnaí Cúnta atá ann faoi láthair, faoi réir measúnú feidhmíochta sásúil. Beidh an iontráil ag íosmhéid an scála agus d'fhéadfadh go ndéanfaí ráta na híocaíochta a cheartú ó am go ham ag teacht le beartas Rialtais ar phá. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh coinníollacha agus pá éagsúil a bheith i gceist más rud é gur státseirbhíseach nó fostáí sa tseirbhís phoiblí an té a cheaptar díreach sula gceaptar é.

## SOCHAIR EILE

- Incháilthe don scéim rothaíochta ag an obair
- Bus/Luas/lárnród saor ó cháin chun cúnamh a thabhairt maidir le costais taistil chun na hoibre
- Incháilthe don Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe
- Rochtain ar thionscnaimh sláinte agus folláine an Choimisiúin
- Deiseanna Foghlama agus Forbartha

## LÁTHAIR

Tá an Coimisiún ionnaithe ar an 3ú hurlár, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 os comhair an Cheolárais Náisiúnta. Táimid in aice le stad Luas ag Faiche Stiabhna; tá roinnt bealach de chuid Bhus Átha Cliath ar a n-áirítear 46a, 44, 145, agus 184 in aice láimhe agus táimid thart ar 15 nóiméad ó Stáisiún an Phiarsaigh ar Rae an larthair. Táimid dhá nóiméad siúil ó stad an bhus ar bhealach Matthews chuig UCD ar Shráid Liosain Iochtarach.

De thoradh ar COVID19, beidh an ról bunaithe ó chian ar dtús, agus cuirfidh an Coimisiún an teicneolaíocht chuí ar fáil.

## UAIREANTA OIBRE

Beifear ag obair ar feadh 37 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Seo a leanas gnáthuaireanta oibre an Choimisiúin:

- Luan go Déardaoin: 09:00 go dtí 17:30 le sos lón aon uair an chloig amháin
- Aoine: 09:00 go dtí 17:00 le sos lón aon uair an chloig amháin

Tá uaireanta oibre solúbtha ar fáil do bhaill foirne an Choimisiúin freisin

## SAOIRE BHLIANTÚIL

Is ionann saoire bhliantúil agus 30 lá i rith na bliana gan laethanta saoire phoiblí a chur san áireamh.

## AN TACHT UM EAGRÚ AMA OIBRE, 1997

Bainfidh téarmaí an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 leis an gceapachán seo, más cuí. Tabharfar achoimre ar eolas breise ar na coinníollacha oibre i gconradh fostáiochta an iarrthóra rathúil.

## AOISLIÚNTAS AGUS DUL AR SCOR

Tairgfeartar na téarmaí agus na coinníollacha cuí aoisliúntais don té a cheapfar agus atá i réim sa tSeirbhís Phoiblí ag an am a dtairgtear an ceapachán. Go ginearálta, tairgfeartar ceapachán don té a bheidh ceaptha, más rud é nár oibrigh an té sin sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo, bunaithe ar bhallaíocht de Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána faoin Scéim le fáil ag <https://singlepensionscheme.gov.ie/>.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

### Aois Inphinsin

Is í an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha faoi láthair na 66, agus beidh sí ag ardú go 67 ar an 1 Eanáir 2021 agus 68 ar an 1 Eanáir 2028 de réir na n-athruithe atá ag teacht ar aois cháilitheach an Phinsin Stáit (Ranníocach). Is srian ar mhéid an phinsin é ag cuid mhór ball ná go mbíonn orthu dul ar scor ag aois a 70.

### Laghdú Pinsin

Má bhí an té a cheaptar fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus má tá sé/sí ag fáil pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má bhíonn pinsean Státseirbhise nó Seirbhís Phoiblí iníoctha le linn dó/di a bheith athfhostaithe, beidh laghdú le cur ar an bpinsin sin de réir an Acharta um Pinsin na Seirbhise Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Má bhí an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís agus má deonaíodh pinsean air/uirthi de réir socrutha maidir le luathscor deonach (cé is moite den Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Imlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil, rud a dhícháillíonn duine don chomórtas, mar a thugtar le fios thuas), tiocfaidh deireadh le hincháilitheacht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socrutha speisialta, mar sin féin, le seirbhís a mheas a rinne an té a cheapfar roimhe seo chun críocha aon bhronnadh aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an té sin a bheith incháilithe ina leith.

### Scor de bharr Drochshláinte

B'fhéidir go mbeadh pinsean duine a chuaigh ar scor ó fhoras Státseirbhise/Seirbhise Poiblí de bharr drochshláinte faoi réir athbhreithnithe de réir rialacha scoir de bharr drochshláinte laistigh de scéim pinsin na fostáiochta sin.

### Cóireáil Phinsin Fostaithe Reatha sa tSeirbhís Phoiblí

Cé go bhfuil na téarmaí pinsin réamhshocraithe, mar atá leagtha amach sna haitl roimhe seo, déanta suas as ballraíocht na Scéime Aonair, b'fhéidir nach mbeadh sé seo i bhfeidhm le ceapaithe áirithe. Tá na sonraí ar fad a rialáinn na coinníollacha maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fostai sa tseirbhís phoiblí ina bhall den Scéim Aonair le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhise Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Mar sin féin, is é an príomhchás eisceachtúil (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) ná nach mbeadh glacadh go ginearálta le hiarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcumas inphinsin (téarmaí scéime neamhaonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtain ó thosaigh sé/sí ina p(h)ost, mar bhall den Scéim Aonair. Sa chás seo, thairgfí ballraíocht d'hiarrthóir mar sin, ina ionad sin, nuair is cuí, i Scéim Aoisliúntais d'Fhoireann an Choimisiúin agus sa Scéim Pinsin Céiliú agus Leanaí a bhaineann leis. Chiallódh sé sin go mbeadh feidhm leis na forálacha laghdaithe thuas, agus tá impleachtaí sa bheis maidir le fabhrú pinsin mar a bhfuil achoimre air thíos:

### Fabhrú Pinsin

Thug an tAcht um Pinsin na Seirbhise Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 teorainn 40 bliain isteach ar sheirbhís iomlán ar féidir a úsáid i leith pinsin nuair a bhí an duine sin ina bhall de níos mó ná aon scéim pinsin seirbhise poiblí a bhí ann roimhe seo.

### Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán faoi réir asbhaint Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise (ASC) de réir an Acharta um Pá agus Pinsin Seirbhise Poiblí 2017.

## Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), mar atá leagtha amach i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09, go bhfuil cosc ar dhaoine a théann ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar aon phost eile san fhostaíocht sin nó san earnáil sin. Dá réir sin, ní féidir le daoine amhail iadsan a théann ar scor iarratas a dhéanamh fad is atá na srianta thusa i bhfeidhm.

## Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta 1 Samhain 2010 Scéim Luathscoir Deonach Sprioctha (VER) agus Scéim Dheonach lomarcaíochta (VRS) isteach. Is coinníoll den Scéim VER nach mbeidh daoine a bheidh ag baint leas as an scéim incháilithe ar athfhostaíocht san earnáil Sláinte poiblí nó sa tseirbhís phoiblí níos leithne nó i bhforas a mbaintear úsáid as airgead poiblí chun maoiniú a dhéanamh air, den chuid is mó nó i bpáirt. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin VRS, ach amháin gur ar feadh tréimhse 7 mbliana a bheidh an cosc, agus beidh cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil i gcomhair athfhostaíochta. Ní bheidh daoine a bhain leas as aon cheann de na scéimeanna sin incháilithe le páirt a ghlacadh sa chomórtas seo a fhad is a bheidh feidhm leis na srianta thusa.

## Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí lomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Thug litir de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta 28ú Meitheamh 2012 chuiig Oifigigh Pearsana, le héifeacht ón 1ú Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a aontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhíse Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí lomarcaíochta ex-gratia le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhain leas as an gcomhaontú incháilithe i gcomhair athfhostaíochta le haon phoras seirbhíse poiblí sa tseirbhís phoiblí (mar a thugann na hAchtanna um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011 sainmhíniú air) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht. Beidh cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil ina dhiaidh sin sula ndéanfar duine a fhostú arís. Caithfidh daoine a bhain leas as an scéim seo agus ar féidir éirí leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamhcháilitheachta) agus ní mór cead an Aire a fháil sula bhfaighidh duine fostaíochta in aon phoras seirbhíse poiblí.

## An Roinn Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil (6/2013)

Thug imlitir de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobal & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013 Scéim lomarcaíochta Deonach isteach d'Údarás Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí lomarcaíochta d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí dátaithe 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thusa, is coinníoll ar leith den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe i gcomhair athfhostaíochta in aon phoras Seirbhíse Poiblí (mar a thugann na hAchtanna um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, sainmhíniú air], ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta ar fhág siad faoin Scéim seo. Tá feidhm leis na coinníollacha sin freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí ag conraitheoir).

## Dearbhú

Iarrfar ar iarrthóirí a dhearbhú cibé acu ar bhaineadar leas as scéim dreasachtaí luathscoir seirbhíse poiblí agus/nó as an gComhaontú Comhchoiteann a bhfuil achoimre air thusa roimhe seo. Iarrfar ar iarrthóirí aon teidlíocht ar shocchar pinsin Seirbhíse Poiblí (mar íocaíocht nó socchar coinnithe) ó aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí eile agus/nó íocaíochta ina ionad a fuaireadar maidir le seirbhís in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí a dhearbhú freisin.

## COINNÍOLLACHA EILE FOSTAÍOCHTA

Léiríonn a bhfuil thusa na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl i gceist go mbeadh sé mar liosta cuimsitheach ar gach gné agus coinníoll fostaíochta a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an gceapaí.

# CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Tá Mazars ar áirithíocht ag an gCoimisiún chun cabhrú le Stiúrthóir Gnóthaí Dlí a cheapadh.

Tá Mazars, thar ceann an Choimisiúin, ag lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus beidh siad ag tabhairt faoi phróiseas cuimsitheach earcaíochta mar chuid den fheachtas earcaíochta. Beidh Mazars ag bainistíú gach gné den tionscadal earcaíochta thar ceann an Choimisiúin. Níor chóir aon fhiosrú ná aon stocaireacht a dhéanamh go díreach leis an gCoimisiún.

Ba chóir iarratais a sheoladh ar líne chuitg [www.mazars.ie/Consulting/HRServices](http://www.mazars.ie/Consulting/HRServices) agus ba chóir cáipéis amháin a bheith ann le:

- Litir chlúdaigh (dhá leathanach ar a mhéad) a thugann achoimre ar cén fáth ar mhaith leat go ndéanfaí thú a mheas don phost agus ar cén fáth a gcreideann tú go sásáíonn do chuid scileanna agus do thaithí riachtanais an phoist;
- CV cuimsitheach;
- “Foirm Príomhéachtaí” comhlánaithe (Aguisín I);
- Cait eagraíochta a chuireann in iúl do phost reatha (nó an post is déanaí) laistigh den Fhoireann Ardbhainistíochta (féach Aguisín 2).

Chun tuilleadh eolais nó sonraí a fháil ar an mbealach chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, déan teagmháil le Foireann Earcaíochta Feidhmiúcháin Mazars ar+353 (1) 449 4400, trí r-phost chuitg [execrecruit@mazars.ie](mailto:execrecruit@mazars.ie), nó tabhair cuairt ar [www.mazars.ie](http://www.mazars.ie) agus cuardaigh Ref. **CAR0120**.

Is fostoir comhdheisceanna é an Coimisiún agus cuireann sé fáilte roimh iarratais ó dhaoine le cúrlaí éagsúla agus ó ghrúpa faoi ghannionadaíocht ar a n-áirítear mionlach eitneach agus daoine faoi mhíchumais.

## Dáta Deireanach

Is é **Dé Luain, 11 Eanáir 2021 ag 5 p.m.** an dáta deireanach a nglacfar le hiarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dheireanaigh/an sprioc-ama.

Seolfar r-phost admhála ar gach iarratas a fhaightear. Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas laistigh de dhá lá oibre ó chuir tú isteach é, déan teagmháil le do thoil le Foireann Earcaíochta Feidhmiúcháin Mazars trí r-phost ([execrecruit@mazars.ie](mailto:execrecruit@mazars.ie)) lena chinntí go bhfuarthas d'iarratas.

## A mheas go mbíonn iarrthóireacht tarraingthe siar

Mura bhfrestalaíonn iarrthóirí ar agallamh nó ar thástáil eile san áit nó ag an am a iarrtar, nó, nach gcuireann siad an fhianaise sin ar fáil a bhfuil gá ag an gCoimisiún / Mazars léi maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, nuair a iarrtar sin, ní féidir leo a bheith ag súil go measfar iad a thuilleadh.

## Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil d'iarrthóirí nuair a dhéanann siad iarratas i scríbhinn.

# AGUISÍN 1

## Príomhéachtaí

Ainm: \_\_\_\_\_ Teideal an phoist: \_\_\_\_\_

Tar éis na hinniúlachtaí a léamh agus smaoineamh ar éilimh an róil, do na réimsí ar fad thíos, tabhair aird go gonta (*Uasmhéisid 250 focal do gach ceann*) ar éachtaí, ar ionchuir nó ar shaineolas ar leith a d'fhorbair tú le linn do ghairme beatha go dtí seo a léiríonn d'oiriúnacht chun dul i ngleic le dúshláin an róil.

### Smaointeoireacht Straitéiseach

(*Uasmhéisid 250 focal*)

### Fócas ar Sheachadadh: 'Ardfheidhmíocht agus Tortháí a Sheachadadh' & 'Tiomáint agus Teacht Aniar' a chur san áireamh

(*Uasmhéisid 250 focal*)

### Caidrimh a Bhainistiú: 'Tugann Ceannaireacht do Dhaoine' agus 'Comhoibríonn agus Cuireann féin in lúl go Diongbhálte' a chur san áireamh

(*Uasmhéisid 250 focal*)

### Saineolas agus Féinfhorbairt:

(*Uasmhéisid 250 focal*)

## AGUISÍN 2

### Nota Treorach ar an gCairt Eagraíochta

Bheimis buíoch dá seolfá cóip de chairt eagraíochta chugainn, le d'iarratas, a chuirfidh do phost reatha/is déanaí laistigh d'Fhoireann Ardbhainistíocha d'eagraíochta/do chomhlachta in iúl.

Níl aon riachtanas socratthe anseo maidir le formáid agus glacfaimíodh le pé formáid a fheileann tú féin (e.g. cairt foilsithe atá ann cheana ó láithreán gréasáin/tuarascáil bhliantúil d'eagraíochta), mar sin féin ba mhaith linn aird a tharraingt gur iarr an painéal roghnúcháin é seo chun go gcabhróidh sé leo tuiscint a bheith acu ar do leibhéal laistigh de d'eagraíocht reatha/is déanaí agus do sheasamh i gcomparáid le bainisteoirí sinsir eile.

Má tá tú neamhspleách, níl aon ghá le cairt.